VIFAX 9 Feabhra 2010
Meánleibhéal

Abair Leat!

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi shuíomh nua gréasáin - *Abair Leat*. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna seo a leanas:

An bhfuil aon chur amach agat ar an suíomh idirlín seo?
An mbaineann tú féin úsáid as an idirlíon agus tú ag déanamh do chuid obair bhaile?
Cad iad na láithreáin ghréasáin atá ar fáil chun cuidiú le duine Gaeilge a fhoghlaim?

Ceist 2 **(a)** Sula bhféachann tú ar an mhír, déan iarracht an leagan Gaeilge de na frásaí/focail seo thíos a aimsiú:

dissatisfaction: _____
left out: _____
National Council for Curriculum and Assessment: _____
to get used to: _____
learning aid: _____
aural comprehension: _____
pilot scheme: _____
caters for/attends to: _____

(b) Anois, féach ar an tuairisc uair amháin agus aimsigh na leaganacha a úsáideadh inti.

Ceist 3 Anois déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén fáth a bhfuil muintir Dhún na nGall míshásta faoin suíomh *Abair Leat*?
2. Cad a bhí le rá ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta faoin scéal?
3. Cén tuairim a nocht Seán Ó Dochartaigh?
4. Cad a tharlóidh sa bhliain 2012?

Ceist 4 **(a)** Bí ag obair leis an duine in aice leat. Éistigí leis an mhír arís agus breacaigí síos le chéile na focail a chuireann canúint Uladh in iúl le linn na míre. An bhfuil aon leagan eile agaibh féin ar na focail a bhreac sibh síos?

(b) Líon na bearnaí sa bhosca thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

Ulaidh	**Cúige Uladh**	**Canúint Uladh**
Connacht		
Mumhain		

Ceist 5 '*míshástacht*'

(a) Tá dhá mhír san fhocal thuas. Cad iad? Mínigh cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'sástacht' mar sin.

(b) Bain úsáid as an dá fhocal thíos chun na rialacha a bhaineann leis na réimíreanna *an-* agus *ró-* a mhíniú:

mór **óg**

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó mar ghrúpa.

An mairfidh an Ghaeilge go deo, dar leat?
Ar cheart an Ghaeilge a chaighdeánú ar fad agus gan ach canúint amháin a bheith ann?
Faigheann teanga amháin bás gach mí. An gcuireann an fhíric seo imní ort?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Déan na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2

dissatisfaction:	*míshástacht*
left out:	*fágtha ar lár*
National Council for Curriculum and Assessment:	*An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*
to get used to:	*dul i dtaithí ar rud*
learning aid:	*áis foghlama*
aural comprehension:	*cluastuiscint*
pilot scheme:	*scéim phíolótach*
caters for/attends to:	*freastal ar rud*

Ceist 3
1. Tá siad míshásta de bhrí nach bhfuil aon tagairt do chanúint Uladh ar an suíomh nua le cuidiú le daltaí meánscoile an Ghaeilge a fhoghlaim.
2. Gur cheart cothromaíocht a thabhairt do na canúintí ar fad agus go mbeidh tacaíocht léirithe ar an suíomh do Ghaeilge Uladh amach anseo.
3. Ceapann sé nach bhfuil sé ciallmhar nach bhfuil na canúintí ar fad ar an suíomh, go háirithe nuair a chaithfidh na daltaí cur amach a bheith acu ar na canúintí ar fad.
4. Beidh na marcanna don scrúdú béil ag ardú ó 25% go dtí 40%.

Ceist 4
(a) *ar chor ar bith* – in aon chor
go fóill – fós
Meánscoilteacha – meánscoileanna
Ceathracha – daichead
Achan – gach

(b)

Ulaidh	**Cúige Uladh**	**Canúint Uladh**
Connacht	**Cúige Chonnachta**	**Canúint Chonnachta**
Mumhain	**Cúige Mumhan**	**Canúint na Mumhan**

Ceist 5
(a) mí- is réimír é seo a chuireann séimhiú ar an ainmfhocal nó ar an aidiacht a leanann í. Má thosaíonn an t-ainmfhocal nó an aidiacht le guta áfach, tagann fleiscín tar éis *mí* agus ní athraíonn tús an fhocail, mar shampla: mí-ionraic.

(b) an-mhór / an-óg – tagann séimhiú tar éis *an-* ar na consain seachas d, t agus s. Ní thagann aon athrú ar ghuta. Bíonn fleiscín tar éis ***an*** (very) i gcónaí.

rómhór / ró-óg – tagann séimhiú ar na consain tar éis *ró-* i gcónaí. Ní thagann aon athrú ar na gutaí. Bíonn fleiscín idir *ró-* agus na gutaí i gcónaí ach ní bhíonn idir *ró-* agus na consain de ghnáth.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Tá míshástacht i nDún na nGall go bhfuil canúintí Chúige Uladh fágtha ar lár as an láithreán gréasáin *Abair Leat,* a chuidíonn le daltaí scoile ullmhú do scrúduithe Gaeilge. Deir An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta gur chóir cothromaíocht a thabhairt do na canúintí ar fad le deis a thabhairt do na daltaí dul i dtaithí ar na canúintí éagsúla. Seo í Áine Ní Bhreisleáin.

Áine Ní Bhreisleáin

Níl ach seachtain caite ó seoladh an suíomh Gaeilge *Abairleat* i gCorcaigh - áis foghlama do dhaltaí dara leibhéal le cuidiú leo cleachtadh a fháil ar labhairt agus ar chluastuiscint na Gaeilge. Ach tá imní léirithe go bhfuil neamart á dhéanamh ar chanúint Chúige Uladh – nach bhfuil in úsáid ar an suíomh ar chor ar bith. Sa réimse sin[1] teanga atá ar fáil ann, is i nGaeilge Chonnachta atá siad. Cé nach bhfuil ann go fóill ach scéim phíolótach[2], tá súil go mbeidh sé in úsáid i meánscoileanna[3] ar fud na tíre gan mhoill. De réir siollabas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, leagtar béim ar mhúineadh gach ceann de na canúintí agus ó 2012 ar aghaidh beidh na marcanna don scrúdú béil ag ardú ó fiche is a cúig faoin gcéad go dtí ceathracha faoin gcéad.

An Seanadóir Piaras Ó Dochartaigh, Sinn Féin

Ní dhéanfadh sé ciall go mbeadh daoine ag déanamh an scrúdú ardteiste agus iad ag foghlaim na Gaeilge labhartha[4] leis an suíomh seo agus gan fios acu ar chanúint Mumhan nó ar chanúint Uladh agus go mbeidh orthu fios a bheith acu ar an chanúint sin.

Áine Ní Bhreisleáin

Dúirt An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta go ndéanann an curaclam Gaeilge sna scoileanna freastal ar dhaltaí trí leas a bhaint as na trí phríomh chanúintí. Dúirt siad go mbeadh acmhainní foghlama sna scoileanna in ann freastal ar achan chanúint agus go mbeadh tacaíocht léirithe do Ghaeilge Uladh ar an suíomh *Abairleat.ie* nuair a bheidh a thuilleadh forbartha tagtha air.

Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, i gContae Dhún na nGall.

---

[1] sa réimse de sin teanga a deirtear
[2] scéim píolótach a deirtear
[3] meánscoilteacha a deirtear
[4] an Ghaeilge a deirtear